Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 36

# Cosaint

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar an Oifig sin, ar phá agus costais Óglaigh na hÉireann, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €29.513 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Stoc a luacháil***

Déantar stoic mhíleata a luacháil ar a meánchostas. Déantar stoic an Aerchóir a luacháil ar a bpraghas ceannaigh. Déantar stoic na Roinne a luacháil ar an bpraghas ceannaigh is déanaí a bhí orthu. Tá earraí áirithe a rinneadh a athchóiriú ar áireamh i stoic Mhíleata agus an Aerchóir.

***Sócmhainní caipitil***

Méadaíodh an tairseach chun breiseanna sócmhainní caipitil a chur ar áireamh do ranna agus oifigí rialtais sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil aníos go dtí €10,000 i gcás sócmhainn aonair le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Ón dáta sin i leith, leanann an Roinn Cosanta le breiseanna a chur i dtaifead i sócmhainní caipitil ar luachanna aonair níos lú ná €10,000.

Ní luacháiltear talamh agus foirgnimh agus ní chuirtear ar áireamh iad i sócmhainní caipitil (nóta 2.1). Taispeántar sceideal talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta in aguisín A. Úsáidtear iad sin ar mhaithe le cuspóirí Óglaigh na hÉireann agus áirítear réadmhaoine uathúla agus tiomnaithe leo.

Déantar íocaíochtaí faoi chláir áirithe chun trealamh Óglaigh na hÉireann a fhorbairt, lena n-áirítear aerárthaí a cheannach agus iompróirí armúrtha pearsanra a athchóiriú, a thaifeadadh mar réamhíocaíochtaí go dtí go dtugtar chun úsáide iad, agus déantar iad a thaifeadadh mar shócmhainní caipitil an uair sin.

***Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt***

Tá íocaíochtaí maidir le forbairt talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta ar áireamh mar chuid de nóta 2.2 – sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a chuirtear tionscadail den sórt sin i gcrích, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh ar áireamh i sócmhainní caipitil, ag teacht leis an bpolasaí atá luaite thuas.

***Dímheas***

Déantar dímheas ar shócmhainní míleata agus ar mhótarfheithiclí Cosanta Sibhialta anuas chuig luachanna iarmharacha ar rátaí éagsúla idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana agus úsáid á baint as modh an mhéid chothroim.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m’oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dheimhnithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann a bhfuil Cathaoirleach inmheánach aige chun comhairle a chur orm chun mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.

- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina dtugtar feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Oibríonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre á treorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Roinn nochta agus tá a chuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás 14 chonradh (ar a raibh luach breis agus €25,000), agus b'ionann a luach iomlán in 2021 agus €461,289 (gan CBL a áireamh), faoi mar a leagtar amach thíos:

- méadaíodh ceithre chonradh ar a raibh luach €57,711 os cionn an bhunluacha mheasta
- bhí trí chonradh ar a raibh luach €88,697 go dtí go gcríochnófaí socruithe lárnacha ceannaigh
- cuireadh moill ar sheacht gconradh ar a raibh luach €314,881 go dtí go bhfaighfí an toradh ar athbhreithniú inmheánach beartais.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar gach ceann de na 14 chonradh seo, agus táthar ag dul i mbun beart chun go gcomhlíonfaidh gach ceann de na conarthaí sin rialacha maidir le soláthar iomaíoch a thapúla agus is féidir.

Sholáthair an Roinn sonraí faoi 122 chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as oibriú rialuithe do chomhaltaí sonracha foirne.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht ardbhainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a dhéanann an Roinn curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Mar thoradh ar thosach phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus tugadh oibriú cianda agus fíorúil isteach, i gcás gur phraiticiúil agus gur chuí, agus aird á tabhairt ar chineál na hoibre sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, thug an lucht bainistíochta faoi mheasúnú riosca iomlán ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go leanann na rialuithe, na rialuithe reatha agus iad siúd a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 araon, de bheith éifeachtach.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2021 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

30 Márta 2022

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 36 Cosaint

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Cosaint agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 36 Cosaint

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Beartas agus tacaíocht cosanta, inniúlachtaí míleata agus aschuir oibriúcháin | 809,781 | 786,405 | 780,999 |
| **Ollchaiteachas** | | **809,781** | **786,405** | **780,999** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **24,320** | **30,457** | **30,210** |
| **Glanchaiteachas** | | **785,461** | **755,948** | **750,789** |

**Farasbarr**

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena géilleadh don Státchiste.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **29,513,137** | **6,171,741** |

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

30 Márta 2022

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 758,570 | 754,376 |
| Riarachán – pá | | 20,905 | 19,691 |
| Riarachán – neamhphá | | 6,930 | 6,932 |
| **Ollchaiteachas** | | **786,405** | **780,999** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **30,457** | **30,210** |
| **Glanchaiteachas** | | **755,948** | **750,789** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (106,095) | | |
| Dímheas | 62,066 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1,110 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 257 | (42,662) | (64,120) |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (16,051) | (11,714) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (7,776) | | |
| Méadú ar stoc | (13,806) | (21,582) | (5,092) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **675,653** | **669,863** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 12,988 | | |
| Measchíosanna | 1,339 | | |
| | | **14,327** | **12,849** |
| **Glanchostas an chláir** | | **689,980** | **682,712** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 36 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chaiteachas a tabhaíodh maidir le vótaí eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | (448) | (432) |
| Vóta 2 | Roinn an Taoisigh | (88) | (85) |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 24 | 4 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 13,094 | 11,813 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 579 | 643 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,018 | 1,002 |
| Vóta 35 | Pinsin Airm | (1,728) | (1,646) |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 404 | 71 |
| An Lárchiste – Pinsin na n-airí | | 133 | 140 |
| | | **12,988** | **11,510** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 583,534 | 587,408 |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | 2.2 | 11,032 | 6,660 |
| | | **594,566** | **594,068** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 27,467 | 17,038 |
| Stoic | 2.4 | 234,043 | 220,237 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 200,656 | 152,906 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 512 | 521 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,305 | 3,085 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **465,983** | **393,787** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 4,306 | 10,656 |
| Ioncam iarchurtha | | 40 | 32 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 10,464 | 11,384 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 17,515 | 6,175 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **32,325** | **28,247** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 433,658 | 365,540 |
| **Glansócmhainní** | | **1,028,224** | **959,608** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas maoinithe stáit** | 2.10 | **1,028,224** | **959,608** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh míleata | Trealamh Cosanta Sibhialta | Troscán oifige agus trealamh TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 1,291,598 | 4,684 | 54,988 | 1,351,270 |
| Breiseanna | 56,841 | 205 | 2,513 | 59,559 |
| Diúscairtí | (21,256) | (138) | (2,498) | (23,892) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 1,327,183 | 4,751 | 55,003 | 1,386,937 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 716,527 | 2,532 | 44,803 | 763,862 |
| Dímheas don bhliain | 58,108 | 358 | 3,600 | 62,066 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (19,987) | (93) | (2,445) | (22,525) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 754,648 | 2,797 | 45,958 | 803,403 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** [a] | **572,535** | **1,954** | **9,045** | **583,534** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 575,071 | 2,152 | 10,185 | 587,408 |

Nóta [a] Riarann an Roinn Cosanta gabhháltais talún (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag láithreacha iolracha ar fud na tíre, ar meascán d’áiseanna oibríochtúla míleata, tailte traenála, ceathrúna do lucht pósta agus réadmhaoin eile iad, faoi mar a leagtar amach in Aguisín A – Sceideal talún agus foirgneamh.

## 2.2 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

| | Conarthaí tógála |
|---|---|
| | **€000** |
| Suimeanna a tugadh anonn ag an 1 Eanáir 2021 | 6,660 |
| Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain | 16,051 |
| Tionscadail a críochnaíodh [a] | (11,679) |
| Suimeanna a tugadh anonn ag an 31 Nollaig 2021 | **11,032** |

Nóta [a] Nuair a chuirtear tionscadail chun talamh agus foirgnimh a fhorbairt i gcrích, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh ar áireamh i sócmhainní caipitil.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta (PMG) | 26,364 | 15,697 |
| Iarmhéideanna eile cuntas bainc agus airgid thirim | 1,103 | 1,341 |
| | **27,467** | **17,038** |

**Cuntais bhainc neamh-Vóta**

Tá 13 chuntas bainc eile ann a ndéanann pearsanra Óglaigh na hÉireann bainistiú orthu chun córas na mbéilí neamhfhoirmiúla a riar sna beairicí. Ní eisítear aon chistiú ón Vóta chuig na cuntais bhainc sin. Ba é €22,795 an tsuim a bhí á coimeád ag deireadh 2021 (2020: €16,261). Ní chuirtear an t-iarmhéid seo ar áireamh sa tsuim maidir le 'banc agus airgead tirim' a léirítear thuas.

## 2.4 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Stoic mhíleata [a] | 232,907 | 219,115 |
| Cosaint Shibhialta | 1,051 | 1,045 |
| Páipéarachas | 15 | 19 |
| Tomhaltáin TF | 70 | 58 |
| | **234,043** | **220,237** |

Nóta [a] B'ionann díscríobh agus stoc míleata imithe as feidhm sa bhliain agus €888,000.

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Aerárthaí patróil mhuirí | 162,340 | 116,803 |
| Cothabháil agus oiliúint aerárthaí | 7,277 | — |
| Príomharmáil a nuachóiriú | 6,156 | 3,669 |
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe an fhlít iompróirí armúrtha pearsanra | 6,103 | 8,321 |
| Feithiclí iompair saighdiúirí | 3,700 | 5,546 |
| Athoiriúnú lárshaoil LÉ Niamh | 3,587 | — |
| Trealamh Óglaigh na hÉireann a fháil | 471 | 2,836 |
| Clár diúracáin sleá | — | 3,624 |
| Eile | 11,022 | 12,107 |
| | **200,656** | **152,906** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Párolla | — | 38 |
| Óinchiste | 286 | 314 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 168 | 129 |
| Thar lear | 5 | 3 |
| Míreanna eile ar fionraí | 53 | 37 |
| | **512** | **521** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhruithe cláir – reatha | 2,237 | 4,202 |
| Fabhruithe cláir – caipiteal | 1,833 | 6,307 |
| Costais riaracháin | 236 | 147 |
| | **4,306** | **10,656** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 4 | 4 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 15 | 14 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 366 | 250 |
| Cáin bhreisluacha | 9,642 | 10,677 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | (5) | 22 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 1 | — |
| Cáin chonarthaí iomchuí | 143 | 176 |
| | 10,166 | 11,143 |
| Asbhaintí párolla á gcoimeád ar fionraí | 8 | 10 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 290 | 231 |
| | **10,464** | **11,384** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 29,513 | 6,172 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (11,998) | 3 |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **17,515** | **6,175** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 27,467 | 17,038 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 512 | 521 |
| | 27,979 | 17,559 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (10,166) | (11,143) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (298) | (241) |
| | (10,464) | (11,384) |
| | **17,515** | **6,175** |

## 2.10 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 959,608 | 889,748 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 785,461 | | |
| Farasbarr | Cuntas | (29,513) | | |
| Glanvóta | | | 755,948 | 750,789 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 12,988 | 11,510 |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt agus a críochnaíodh sa bhliain | 2.2 | | (11,679) | (11,066) |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 1,339 | 1,339 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (689,980) | (682,712) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **1,028,224** | **959,608** |

## 2.11 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 9,282 | 11,682 |
| Tionscadail chaipitil | 141,405 | 192,324 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **150,687** | **204,006** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail in 2021 | Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail in 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Clár athsholáthair agus tionscadal armála árthaí cabhlaigh | 287,591 | 3 | — | 287,594 | 287,594 |
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí armúrtha pearsanra | 68,508 | 15,233 | 11,259 | 95,000 | 95,000 |
| Tionscadal ailtireachta deisce fíorúla do bhonneagar TF | 12,122 | 389 | — | 12,511 | 12,800 |
| Aerárthaí fóntais sciathán dobhogtha | 47,223 | 495 | — | 47,718 | 47,810 |
| Athoiriúnú lárshaoil LÉ Róisín | 10,622 | 1,485 | 193 | 12,300 | 12,300 |
| Athoiriúnú lárshaoil LÉ Niamh | 1,928 | 3,683 | 6,689 | 12,300 | 12,300 |
| Aerárthaí patróil mhuirí | 116,803 | 45,537 | 65,959 | 228,299[a] | 222,102 |
| Athsholáthar an fhlít 4x4 ¾ tonna (FFR) | 9,135 | 3,973 | 5,070 | 18,178 | 18,178 |
| Feithiclí iompair saighdiúirí | 5,546 | 9,499 | 9,555 | 24,600 | 24,600 |
| Iomlán | **559,478** | **80,297** | **98,725** | **738,500** | **732,684** |

Nóta [a] Mar gheall ar chostais bhreise chun freastal ar leasú conartha in 2021 chun trealamh áirithe breise a sholáthar agus a shuiteáil a bhí an méadú €6.197 milliún ar chaiteachas ionchasach iomlán an tionscadail.

## 2.12 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | **389** | **177** |

## 2.13 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn bainteach le roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní cinnte aon suim iarbhír ná uainiú na ndliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos ar áireamh i gClár A chun costais iomlána cláir a chur i láthair.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 22,000 | 20,905 | 19,691 |
| ii | Taisteal agus cothú | 650 | 443 | 374 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha | 400 | 388 | 299 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 880 | 462 | 616 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,510 | 4,368 | 4,090 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,865 | 1,193 | 1,429 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 195 | 76 | 124 |
| | | **30,500** | **27,835** | **26,623** |

### Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin: €650,000; toradh: €443,000*

Ba shrianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar phaindéim Covid-19 ba chúis leis an tearc-chaitheamh €207,000.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin: €880,000; toradh: €462,000*

Bhí an tearc-chaitheamh €418,000 ann mar gheall ar chaitheamh ní ba lú ná mar a bhí coinne leis ar threalamh cumarsáide agus ar sheirbhísí poist.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin: €1.865 milliún; toradh: €1.193 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an tearc-chaitheamh €672,000 éilimh ní b’ísle ar sheirbhísí tógála mar thoradh ar shrianta Covid-19 agus freastal ní ba lú ar an láthair.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais**

*Soláthar meastacháin: €195,000; toradh: €76,000*

Ba é ba phríomhchúis leis an tearc-chaitheamh €119,000 ná nár tháinig íocaíocht a raibh súil léi aníos mar gheall gur cuireadh síneadh le tionscadal isteach in 2022.

## Clár A Beartas agus tacaíocht cosanta, inniúlachtaí míleata agus torthaí oibriúcháin

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 22,000 | 20,905 | 19,691 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 8,500 | 6,930 | 6,932 |
| A.3 | An Buanfhórsa Cosanta: pá | 445,500 | 419,471 | 405,459 |
| A.4 | An Buanfhórsa Cosanta: liúntais | 48,000 | 51,990 | 46,488 |
| A.5 | An Buanfhórsa Cosanta: pá, etc. | 2,000 | 1,830 | 1,015 |
| A.6 | Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais | 1,250 | 1,098 | 1,116 |
| A.7 | Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc. | 23,000 | 20,583 | 20,180 |
| A.8 | Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta | 94,000 | 91,307 | 128,436 |
| A.9 | An tAerchór: trealamh agus tacaíocht | 18,350 | 26,776 | 20,403 |
| A.10 | Iompar míleata | 17,790 | 23,483 | 21,002 |
| A.11 | An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht | 14,000 | 16,600 | 11,720 |
| A.12 | Costais agus trealamh innealtóireachta beairicí | 15,650 | 15,269 | 13,009 |
| A.13 | Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil | 37,000 | 24,938 | 20,835 |
| A.14 | Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann | 15,120 | 14,729 | 15,892 |
| A.15 | Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann | 11,940 | 16,688 | 15,390 |
| A.16 | Oideachas míleata agus oiliúint mhíleata | 2,550 | 2,564 | 2,386 |
| A.17 | Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann | 4,000 | 2,470 | 3,236 |
| A.18 | Tacaíocht leighis agus cúraim sláinte Óglaigh na hÉireann | 7,130 | 7,569 | 6,822 |
| A.19 | Tailte | 786 | 629 | 563 |
| A.20 | Eachaíocht | 1,000 | 1,195 | 845 |
| A.21 | Costais dlíthíochta agus chúitimh | 7,500 | 5,557 | 6,997 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| A.22 | Caiteachas ilghnéitheach | 4,100 | 5,132 | 3,679 |
| A.23 | Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta AE | 2,000 | 2,873 | 2,445 |
| A.24 | Cosaint Shibhialta (lena n-áirítear ciste na gcuntas díomhaoin) | 5,640 | 4,844 | 5,493 |
| A.25 | Cros Dhearg na hÉireann | 975 | 975 | 965 |
| | | **809,781** | **786,405** | **780,999** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000).

**A.3 An Buanfhórsa Cosanta: pá**

*Soláthar meastacháin: €445.5 milliún; toradh: €419.471 milliún*

B'earcaíocht ní b'ísle ná mar a tuaradh in 2021, ónar eascair líonta ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis de phearsanra a bheith ag fónamh sa Bhuanfhórsa Cosanta le linn na bliana ba chúis leis an tearc-chaitheamh €26.029 milliún.

**A.4 An Buanfhórsa Cosanta: liúntais**

*Soláthar meastacháin: €48 milliún, toradh: €51.99 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €3.99 milliún méadú ar íocaíocht liúntas mar gheall ar dhualgais a bhain le paindéim Covid-19.

**A.5 An Buanfhórsa Cosanta: pá, etc.**

*Soláthar meastacháin: €2 mhilliún; toradh: €1.83 milliún.*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €170,000 ná go raibh na leibhéil foirne ní ba lú ná mar a bhí beartaithe agus ba lú an oiliúint íoctha ar tugadh fúithi, dá bharr, ná mar a bhí coinne leis.

**A.6 Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin: €1.25 milliún; toradh: €1.098 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €152,000 mar gheall gur earcaíodh líon ní ba lú de shéiplínigh in 2021 ná mar a bhí coinne leis.

**A.7 Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc.**

*Soláthar meastacháin: €23 milliún, toradh: €20.583 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €2.417 milliún ná gur lú an líon fostaithe sibhialtacha ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán mar gheall go ndearnadh ní ba lú earcaíochta ná mar a bhí coinne leis.

**A.9 An tAerchór: trealamh agus tacaíocht**

*Soláthar meastacháin: €18.35 milliún; toradh: €26.776 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €8.426 milliún caiteachas breise ar fheithiclí tarrthála tuairteanna agus tacaíocht agus oiliúint a sholáthar in aerárthaí áirithe an Aerchóir.

**A.10 Iompar míleata**

*Soláthar meastacháin: €17.79 milliún; toradh: €23.483 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €5.693 milliún gur ghá feithiclí míleata athsholáthair a cheannach. Bhí an róchaitheamh sin fritháirithe go páirteach ag costais bhreosla a bhí ní b'ísle.

**A.11 An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht**

*Soláthar meastacháin: €14 mhilliún, toradh: €16.6 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €2.6 milliún gur soláthraíodh comhpháirteanna agus seirbhísí cothabhála.

**A.13 Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil**

*Soláthar meastacháin: €37 milliún, toradh: €24.938 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €12.062 milliún ná moilleanna ar an bpróiseas soláthair don chlár caipitil, anuas ar bhearta coimeádta ar an láthair a theastaigh le linn phaindéim Covid-19.

**A.15 Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar meastacháin: €11.94 milliún; toradh: €16.688 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €4.748 milliún gur ghá trealamh agus soláthairtí agus trealamh breise bunriachtanach teileachumarsáide a sholáthar.

**A.17 Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar meastacháin: €4 mhilliún; toradh: €2.47 milliún.*

Bhí an tearc-chaitheamh €1.53 milliún ann de dheasca costais taistil a bhí ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis mar gheall ar shrianta Covid-19.

**A.18 Tacaíocht leighis agus cúraim sláinte Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar meastacháin: €7.13 milliún; toradh: €7.569 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €439,000 ná cóireálacha breise a thit amach in 2021 agus a cuireadh ar ceal in 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19.

**A.19 Tailte**

*Soláthar meastacháin: €786,000; toradh: €629,000*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €157,000 ná nárbh fhéidir leanúint ar aghaidh le roinnt tionscadail chomhshaoil a bhí ar na bacáin in 2021 mar gheall ar shrianta Covid-19.

**A.20 Eachaíocht**

*Soláthar meastacháin: €1 mhilliún; toradh: €1.195 milliún*

Ba í príomhchúis an róchaithimh €195,000 ná méadú ar chostas cothabhála na gcapall i Scoil Eachaíochta an Airm agus costas ceannaigh roinnt capall.

**A.21 Costais dlíthíochta agus chúitimh**

*Soláthar meastacháin: €7.5 milliún; toradh: €5.557 milliún*

Tháinig an tearc-chaitheamh €1.943 milliún aníos mar gheall gur deacair an caiteachas seo a thuar mar gheall go mbíonn sé faoi réir roinnt athróg dothuartha, lena n-áirítear uainiú éisteachtaí cúirte, dul chun cinn cásanna, agus líon, luach agus uainiú dámhachtainí agus socraíochtaí.

**A.22 Caiteachas ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin: €4.1 milliún; toradh: €5.132 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €1.032 milliún costais a bhain leis an gCoimisiún um Óglaigh na hÉireann, caiteachas gan choinne ar an tionscadal Taighde, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta agus costais bhreise fógraíochta agus chumarsáide a bhain leis na feachtais earcaíochta míleata.

**A.23 Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta AE**

*Soláthar meastacháin: €2 mhilliún; toradh: €2.873 milliún*

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an róchaitheamh €873,000 ná méadú ar chostais choiteanna AE agus ar chistiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

**A.24 Cosaint Shibhialta (lena n-áirítear ciste na gcuntas díomhaoin)**

*Soláthar meastacháin: €5.64 milliún; toradh: €4.844 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €796,000 ná nár leanadh ar aghaidh mar a raibh súil leis le tionscadail de dheasca saincheisteanna soláthair agus phaindéim Covid-19.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc. | 8,113 | 12,769 | 13,234 |
| 2 | Fáltais ó AE maidir le costais chosanta iascaigh | — | — | — |
| 3 | Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile | 1,300 | 1,364 | 1,445 |
| 4 | Fáltais ó áitiú ceathrúna oifigiúla | 90 | 160 | 140 |
| 5 | Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht | 450 | 623 | 347 |
| 6 | Fáltais ó shaincheisteanna eile ar aisíocaíocht | 20 | 24 | 25 |
| 7 | Fáltais le haghaidh breosla eitlíochta | 40 | 13 | 48 |
| 8 | Fáltais ar chur i gcrích de réir ceannacháin | 50 | 129 | 104 |
| 9 | Tailte agus áitreabh | | | |
| | (a) cíosanna, etc. | 462 | 443 | 407 |
| | (b) díolacháin | 100 | — | 1 |
| 10 | Stórtha farasbairr a dhíol | 100 | 395 | 311 |
| 11 | Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht | 50 | 168 | 67 |
| 12 | Ilghnéitheach | 300 | 440 | 601 |
| 13 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 11,895 | 12,986 | 12,475 |
| 14 | Fáltais ón gCuntas Díomhaoin | 1,350 | 943 | 1,005 |
| | **Iomlán** | **24,320** | **30,457** | **30,210** |

**Difríochta suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €6.137 milliún ní ba mhó ná mar a tuaradh i dtosach. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

**1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc.**

*Meastachán: €8.113 milliún; réadaithe: €12.769 milliún*

Bhí an barrachas €4.656 milliún mar gheall ar fháltais ní ba mhó ná mar a bhí coinne leis ó NA maidir le costais trealaimh agus saighdiúirí. Is deacair uainiú fáltas ó NA a thuar. Féach Nóta 6.1.

**5 Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht**

*Meastachán: €450,000; réadaithe: €623,000*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas €173,000 ná gur aisíocadh ní ba mhó ciondálacha ná mar a bhí coinne leis.

**9 Talamh agus áitreabh**

*Meastachán: €562,000; réadaithe: €443,000*

Bhí an t-easnamh €119,000 de bharr nár tugadh roinnt idirbheart chun críche de dheasca saincheisteanna dlíthiúla.

**10 Stórtha farasbairr a dhíol**

*Meastachán: €100,000; réadaithe: €395,000*

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an mbarrachas €295,000 ná go ndearnadh feithiclí a thrádáil isteach de bharr uasghráduithe flít.

**11 Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht**

*Meastachán: €50,000; réadaithe: €168,000*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas €118,000 ná go bhfuarthas ní ba mhó aisíocaíochtaí ná mar a bhí coinne leis.

**12 Ilghnéitheach**

*Meastachán: €300,000; réadaithe: €440,000*

Ba é ba phríomhchúis leis an mbarrachas €140,000 ná go raibh líonta ní b'airde ná mar a bhí coinne leis d'fháltais i dtaca le haisíocaíochtaí as táillí oiliúna agus oideachais.

**13 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €11.895 milliún; réadaithe: €12.986 milliún*

Tháinig an barrachas €1.091 milliún aníos mar gheall gur deacair fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais a mheas go cruinn, go háirithe in Óglaigh na hÉireann, nuair a chuirtear an réimse saincheisteanna ar féidir leo tionchar a imirt ar na ríomhanna ar áireamh, lena n-áirítear liostáil, scoir, réimse liúntas etc.

**14 Fáltais ón gCuntas Díomhaoin**

*Meastachán: €1.35 milliún; réadaithe: €943,000*

Ba é ba phríomhchúis leis an easnamh €407,000 tionchair phaindéim Covid-19 ar an slabhra soláthair a chuir moill ar an bpróiseas ceannaigh do Chosaint Shibhialta.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **9,298** | **9,396** |

## 5.2 Pá

**Luach saothair na foirne uile**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 417,690 | 403,752 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 211 | 220 |
| Ragobair | 286 | 373 |
| Liúntas sealoibre agus uainchláir | 271 | 240 |
| Liúntais mhíleata agus eile | 44,945 | 40,515 |
| ÁSPC an Fhostóra | 42,721 | 40,972 |
| **Pá iomlán** [a, b] | **506,124** | **486,072** |

Nóta [a] Ní chuirtear ar áireamh sna hiomláin fhoriomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, arb ionann é sin agus ceathrar pearsanra agus pá iomlán €289,360. Cuireann an oifig sin cuntas ar leith le chéile.

[b] Is ionann pá iomlán agus na gnéithe pá d’fho-mhírchinn A.1, A.3, A.4, A.6 agus A.7.

## 5.3 Státseirbhísigh

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **Coibhéisí lánaimseartha** | | |
| Líon na foirne ag deireadh na bliana [a] | 370 | 357 |

Nóta [a] Tá 14 dhuine de na pearsana sin leabaithe in aonaid Óglaigh na hÉireann agus tá siad fostaithe go lánaimseartha i dtaobh tacaíocht a sholáthar do na haonaid siúd.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 19,407 | 18,337 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 122 | 87 |
| Liúntais eile | 52 | 51 |
| Ragobair | 61 | 99 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,263 | 1,117 |
| **Pá iomlán** | **20,905** | **19,691** |

## Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 12 | 6 | 22,002 | 20,722 |
| Liúntais eile | 15 | — | 9,248 | 8,645 |
| Ragobair | 45 | — | 8,930 | 23,551 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 9 | 2 | 24,700 | 15,410 |

## 5.4 Fostaithe sibhialtacha

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **Coibhéisí lánaimseartha** | | |
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 440 | 444 |

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 17,349 | 16,882 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 89 | 133 |
| Ragobair | 225 | 274 |
| Liúntais sealoibre agus uainchláir | 271 | 240 |
| Liúntas am taistil | 421 | 445 |
| Liúntais uirlisí agus liúntais eile | 213 | 202 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,839 | 1,831 |
| **Pá iomlán** | **20,407** | **20,007** |

### Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 58 | — | 8,853 | 9,361 |
| Ragobair | 111 | — | 9,304 | 9,375 |
| Liúntais sealoibre agus uainchláir | 40 | 4 | 14,821 | 15,935 |
| Liúntas am taistil | 59 | 12 | 13,335 | 13,257 |
| Liúntais uirlisí agus liúntais eile | 248 | — | 3,235 | 3,298 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 156 | 34 | 27,995 | 26,158 |

## 5.5 Buanfhórsa Cosanta (Iena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus Séiplíneacht)

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **Coibhéisí lánaimseartha** | | |
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 8,488 | 8,595 |

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá agus liúntais le haghaidh seirbhís mhíleata | 380,934 | 368,533 |
| Liúntais thar lear | 20,934 | 19,371 |
| Liúntais le haghaidh dualgas slándála | 17,230 | 14,186 |
| Liúntas le haghaidh dualgas ar an teorainn | 2,042 | 2,128 |
| Liúntas le haghaidh dualgas patróil | 1,663 | 1,743 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 2,390 | 2,389 |
| ÁSPC an fhostóra | 39,619 | 38,024 |
| **Pá iomlán** | **464,812** | **446,374** |

### Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| Liúntais thar lear | 1,775 | 1,079 | 42,950 | 41,376 |
| Liúntais le haghaidh dualgas slándála | 7,294 | 122 | 20,551 | 21,815 |
| Liúntas le haghaidh dualgas ar an teorainn | 459 | 2[a] | 26,384 | 5,840 |
| Liúntas le haghaidh dualgas patróil | 502 | 6 | 12,435 | 9,015 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 800 | 96 | 10,974 | 15,147 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2,745 | 1,165 | 37,995 | 41,024 |

Nóta [a] Fuair an bheirt ar íocadh Liúntas i gcomhair Dualgais ar an Teorainn de bhreis ar €10,000 leo in 2021 riaráistí maidir le blianta roimhe.

## 5.6 Íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim

Rinneadh íocaíocht €74,079 leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2021 as sochar comhchineáil maidir le táillí reachtúla ospidéil phoiblí a gearradh ar chleithiúnaithe ball liostáilte an Bhuanfhórsa Cosanta in 2020.

## 5.7 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €1,127,272 ar an iomlán le 33 phearsa scortha Óglaigh na hÉireann a raibh pinsin Óglaigh na hÉireann á bhfáil acu, idir €13,487 agus €89,243, agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2021. Anuas air sin, íocadh €29,710, ar an iomlán, idir €150 agus €5,330, le 15 fhostaí scortha seirbhíse poiblí a raibh pinsin seirbhíse poiblí a bhfáil acu agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2021. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.8 Foireann ar iasacht

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €346,492 maidir le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus nach ndearna an Roinn a dtuarastail a fhorchúiteamh. Ní áirítear leis an gcuntas seo caiteachas maidir le beirt oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais. D'íoc na ranna/na hoifigí ina raibh siad ag fónamh a dtuarastail.

## 5.9 Ró-Íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Líon faighteoirí | 106 | 137 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 24 | 45 |
| | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 171,872 | 175,210 |
| Luach na bpleananna aisghabhála | 56,769 | 78,454 |

Níor aistríodh aon ró-íocaíochtaí ón Roinn Cosanta chuig aon roinn/oifig eile in 2021.

## 5.10 Cóir leighis

Soláthraíodh seirbhísí d'othair chónaitheacha agus sheachtracha don phearsanra liostáilte agus dá gcleithiúnaithe in ospidéil phoiblí gan an muirear reachtúil a chur i bhfeidhm.

## 5.11 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí ná íocaíochtaí iomarcaíochta in 2021.

## 5.12 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ar ghrád Ard-Rúnaí Leibhéal II (Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta)[a], agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €202,604 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €200,598).

Nóta [a] Íocann fostaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh ráta Aicme A de ranníocaíocht ÁSPC agus íocann siad ranníocaíocht fostaí maidir le sochair aoisliúntais phearsanta (Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta).

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Misin thar lear

Áirítear leis an gcuntas seo na suimeanna a thugtar le fios thíos maidir le luach saothair an phearsanra mhíleata a fhónann le hoibríochtaí tacaíochta síochána NA agus AE agus le heagraíochtaí éagsúla, anuas ar chostais taistil agus chothaithe agus iompair:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Misin NA agus AE:** | | |
| UNIFIL (an Liobáin) | 32,084 | 31,235 |
| UNDOF (Arda Golan) | 13,088 | 12,581 |
| KFOR (an Chosaiv) | 1,420 | 1,463 |
| EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 589 | 567 |
| Misin eile NA agus AE | 5,423 | 4,878 |
| | 52,604 | 50,724 |
| **Eile:** | | |
| Ionadaithe agus comhairleoirí míleata | 2,653 | 2,103 |
| Cathghrúpa na Gearmáine | 314 | 1,611 |
| An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | 247 | 183 |
| Oibríochtaí sa Mheánmhuir (cuardach agus tarrtháil) | 658 | 682 |
| FCSÉ i gCabúl | 21 | — |
| **Iomlán** | **56,497** | **55,303** |

As an tsuim €52.6 milliún a sonraíodh do mhisin na Náisiún Aontaithe agus AE, baineann €7.4 milliún le misin, a n-íocann an Stát as a gcostais iomlána. Baineann an fuílleach €45.2 milliún le UNIFIL, UNDOF agus MINUSMA (Mali), a ndearnadh socruithe i ndáil leo leis na Náisiúin Aontaithe agus Fórsaí Armtha na Gearmáine go ndéanfaí costais áirithe a aisíoc. Braitheann uainiú aisíocaíochtaí ó na Náisiúin Aontaithe ar thosca éagsúla, lena n-áirítear an cistiú atá ar fáil don eagraíocht sin.

Ba í an tsuim a fuarthas trí leithreasaí-i-gcabhair in 2021 ná €12.8 milliún, ina raibh suim €6.7 milliún le haghaidh costais phearsanra agus suim €6.1 milliún le haghaidh costais trealaimh. Ba é €3.2 milliún an tsuim a bhí le híoc go fóill ag deireadh na bliana (costais phearsanra €1.7 milliún agus costais trealaimh €1.5 milliún).

## 6.2 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Bunaíodh an Coimisiún um Óglaigh na hÉireann i Nollaig 2020 agus thuairiscigh sé i bhFeabhra 2022. Áiríodh lena théarmaí tagartha breithniú a dhéanamh ar acmhainní, struchtúir agus soláthar foirne cuí don Arm, don Aerchór, don tSeirbhís Chabhlaigh agus do na hÓglaigh Chúltaca. Ba iad costais an Choimisiúin go dtí an 31 Nollaig 2021 ná €358,000.

## 6.3 Tacaíocht do chumainn ionadaíocha Óglaigh na hÉireann

Tá suim iomlán €468,829 sa chuntas seo maidir le luach saothair pearsanra mhíleata a tugadh ar iasacht do chumainn ionadaíocha agus costais riaracháin áirithe ghaolmhara.

## 6.4 Suimeanna a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain.

| | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Damáiste d'fheithiclí míleata | 49 | 73 |
| Caillteanas stóras, trealaimh nó réadmhaoine nó damáiste dóibh sin | — | 35 |
| Fiachas a díscríobhadh | 38 | 11 |
| | **87** | **119** |

## 6.5 Calaois agus calaois amhrasta

| | **Líon na gcásanna** | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|---|
| Calaois | — | — | — |
| Calaois amhrasta/neamhrialtacht | 2 | 33 | — |
| | | **33** | **—** |

Cuireadh an Roinn ar an eolas ar dhá chás amhrasta calaoise/neamhrialtachta le linn 2021 (2020: nialas). Meastar gurb í an tsuim iomlán atá i gceist ná €33,000. Tá an dá chás sin á n-imscrúdú ag an nGarda Síochána.

## 6.6 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh uathu seo | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2021** | **2020** |
| Líon na gcásanna | 387 | 36 | 423 | 948 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | 923 | 35 | 958 | 1,481 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | 2,740 | 133 | 2,873 | 3,166 |
| Costais dlí | 1,570 | 52 | 1,622 | 2,471 |
| Costais eile | 172 | 9 | 181 | - |
| **Iomlán 2021** | **5,405** | **229** | **5,634** | **7,118** |
| Iomlán 2020 | 6,759 | 359 | 7,118 | |

Nóta Bhí 521 éileamh fós le réiteach an 31 Nollaig 2021 (2020: 548 n-éileamh).

**Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2021**

| | Éilimh uathu seo | | |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **Iomlán** |
| Líon na gCásanna | 98 | 10 | 108 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | 371 | 58 | 429 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | 1,944 | 363 | 2,307 |
| Costais dlí | 991 | 144 | 1,135 |
| Costais eile | 125 | 14 | 139 |
| **Iomlán** | **3,431** | **579** | **4,010** |

## 6.7 Eadráin agus idir-réiteach

Tabhaíodh costais €7,389 in 2021 (2020: €3,000) maidir le trí chás eadrána agus idir-réitigh (2020: cás ar bith).

## Aguisín A Sceideal talún agus foirgneamh

### 1. Dílsithe san Aire Cosanta

| Réadmhaoin | Achar (heicteáir) [a] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Campa Chnoc an Lisín | 51.24 |
| **Corcaigh** | |
| Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh | 0.89 |
| Dún Uí Choileáin, Corcaigh | 24.22 |
| Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin | — |
| An tSeanbheairic agus an Reilig, Mainistir Fhear Maí | 4.23 |
| Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí | 0.40 |
| Áitreabh RDF, Cill Chrócháin | 0.40 |
| Plásóg Chuimhneacháin Mhíchil Uí Choileáin, Béal na mBláth | 0.004 |
| Áitreabh RDF, an Sciobairín | 0.20 |
| Áitreabh RDF, Mala | 0.03 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear ionad séarachais ar thalamh in aice láimhe | 276.93 |
| Asplanád, Dún Uí Choileáin | 0.20 |
| Láthair ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8 | 0.40 |
| **Gaillimh** | |
| Raon Raidhfilí Órán Mór | 216.10 |
| Soláthar Uisce Chluain Roilíoch go Raon Órán Mór | — |
| Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | 29.95 |
| **Ciarraí** | |
| Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí | 6.07 |
| Dún na Sionainne, Tairbeart | 0.81 |
| Áitreabh RDF, Cill Orglan | 0.10 |
| **Cill Dara** | |
| Campa agus Tailte an Churraigh | 1,968.12 |
| Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara | — |
| Uimhreacha 2, 78 agus 96 Páirc an Úlloird, an Currach | 0.06 |
| Dún Mhic Aodha, Cill Dara | 1.99 |
| Tailte ag an Ráth Dhubh, an Currach | 14.37 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh | 5.67 |

| Réadmhaoin | Achar (heicteáir) [a] |
|---|---|
| **Lú** | |
| Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan | 5.46 |
| **An Mhí** | |
| Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin | 105.62 |
| Áitreabh an RDF, Uaimh | 0.20 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Iar-Dhún Míleata, Biorra | 1.98 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Carna | 114.53 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin | 5.46 |
| **Port Láirge** | |
| Dún Míleata, Port Láirge | 0.28 |
| **An Iarmhí** | |
| Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr | 9.61 |
| Dún Chostúim, Baile Átha Luain | 5.26 |
| Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain | 5.97 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Raon Airtléire Ghleann Ó Máil | 2,698.85 |
| Campa agus Tailte Chúil Mhuine | 97.53 |
| Teach agus Tailte Charraig Bhré, Bré | 1.95 |
| Post Maor Raoin, an Seisceann | 0.40 |

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

## 2. Dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

| **Réadmhaoin** | **Achar (heicteáir)** [a] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Áitreabh RDF, Inis | 0.10 |
| **Corcaigh** | |
| Campa agus Raon Chill Uird | 1,377.55 |
| Cuid de Champa Chill Uird chun seirbhísí bóthair a sholáthar do TII | 10.69 |
| An tOileán Mór | 91.05 |
| Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach [b] | 33.99 |
| Fort Davis, an Geata Bán | 22.04 |
| Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne | 14.97 |
| Furious Pier, Baile Chaisleáin Bhéarra | — |
| Cé Tuirlingthe, an Cóbh | — |
| **Dún na nGall** | |
| Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin | 337.01 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 | 18.62 |
| Uimhreacha 17-28, Árasáin Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 | 0.27 |
| Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7 | 18.21 |
| 64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7 | 0.02 |
| Ospidéal Naomh Briocán, Baile Átha Cliath 7 | 3.24 |
| Teach na Seanscoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | — |
| 2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | 0.01 |
| **Laois** | |
| Áitreabh RDF, Port Laoise | 0.03 |
| **Luimneach** | |
| Dún an tSáirséalaigh, Luimneach | 5.99 |
| **Lú** | |
| Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan | 7.28 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Cuisle | 56.25 |
| Dún Míleata, Mainistir na Búille | 0.20 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Dún Míleata, an tAonach | 1.20 |
| Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór | 0.16 |

| **Réadmhaoin** | **Achar (heicteáir)** [a] |
| --- | ---: |
| **Loch Garman** | |
| Dún Míleata, Loch Garman | 0.40 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde | 636.98 |

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

[b] Arna aistriú go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar iarláithreán ISPAT.

## Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Cosanta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus an dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann | 2020 | 30 M.F. 2021 | 7 D.F. 2021 | 20 D.F. 2021 |
| Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann | 2020 | 17 Bea 2021 | 25 Bea 2021 | 1 Mei 2021 |